


SPEABHRAÍD (BHASCACH)

Eneko Aizpurua Urteaga



Auto-da-fé sa Plaza Mayor i Maidrid (1683), Francisco Rizi.

https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Francisco_Ricci_-_Auto_de_Fe_%281683%29.jpeg

Aistriúchán: Fidelma Ní Ghallchobhair

focaileile
|||

Co-funded by the
Creative Europe Programme
of the European Union



bestehitzak
|||

SPEABHRAÍD (BHASCACH)

Tá an t-am as alt

William Shakespeare, Hamlet

I

Ag machnamh dom ar choincheap na comhaireachtála faoi shíocháin, imíonn mo smaointe ar ais le fán go Cearnóg an Bhunreachta i Sean-Cheantar San Sebastián, agus an scléip a ghabhadh le hoíche fhéile phátrún na cathrach¹. Ach anois, is geall le dún an chearnóg le ballaí téagartha agus túir mórthimpeall uirthi, iad in iomaíocht le chéile féachaint cé acu is airde, ar nós dhaingean meánaoiseach Monteriggioni na Tuscáine.

¹ Féach: <https://en.wikipedia.org/wiki/Tamborrada>

Ina suí ar an ardán ollmhór i lár na cearnóige, iad ag cadráil go soilbhir suairc agus a gcuid ceapairí luathóige á mungailt acu, tá beirt bhall de chompántas drumadóireachta Gaztelubide. Go tobann, siúd d'abhóga confacha chucu fear a bhfuil meirge an chompántais ar foluain aige. Deir sé leo éirí as an bhfalsóireacht agus dul i mbun oibre. Nach dtuigeann siad go bhfuil an mórthaibhsiú ar tí tosú? Caitheann an bheirt drumadóirí súil in airde go fánach ar aghaidh áras na seanleabharlainne, agus suas ar an gclog ar cosúil go bhfuil a lámha ag gluaiseacht ar gcúl go scáfar.

Nuair a bhuaileann an clog a dó dhéag, stopann siad dá gcomhrá, cuireann a gcuid ceapairí i leataobh, seasann go colgdhíreach agus luíonn isteach ar thormáil fhada drumáí. Go tobann, ar bhalla na seanleabharlainne, lasann an inscríbhinn a deir *Dulce et decorum est pro patria mori*. An chéad rud eile, téann baill Chumann Córúil San Sebastián in airde ar an ardán agus tosaíonn ag canadh:

Dies iræ, dies illa

Solvat sæclum in favilla

Teste David cum Sibylla!

Ansin díreach, feictear grúpa sár-chefanna faoi threabhsair, sheaicéid agus hataí bána ar bhalcóin na leabharlainne. Seinneann ceathairéad téadach (vióla, dordveidhil, veidhlín agus liúit) *Beotibarko Gudua*, iad suite i gcúinne na balcóine, agus lena linn seo teilgeann na spotsoilse ar an ardán físeán ollmhór beochana 4K a léiríonn ar aghaidh na seanleabharlainne leagan nua-aimseartha de Léarscáil Ifrinn le Botticelli. Déanann íomhána an phictiúir neach gluaisteach tríthoiseach, beoite i ndomhan speabhraíde digití. Ar an gcaoi sin, déantar Ifreann Bascach 3T nó *Pandemonium* de Chearnóg an Bhunreachta i Sean-Cheantar San Sebastián, áit lán le daoine a bhfuil a nanam díolta leis an diabhal acu cheana féin.

Breathnaíonn sé amhail is go bhfuil doirse an domhain thíos leata go tobann, agus go bhfuil daoscar scaoilte amach de na cneámhairí is ceachartha agus is cladhartha dá bhféadfá a

shamhlú. Deamhain eiteacha adharcacha agus lascanna uafásacha acu, ag lascadh gan trua peacaithe lomnocta; lucht caointe i mbun a seamsáin chaointe arís agus arís eile: ‘níl sa saol neamhbhuan seo ach gleann na ndeor’; fir lomnocta gan chloigeann, a gcoirp clúdaithe le cac; anamacha damanta ar bruith in aibhneacha fola, ainniseoirí cráite trochailte, fealltóirí agus fimínigh, corpáin mhorgtha agus faiteacháin a bhfuil deatach ag brúchtadh as a mbéal. Scinneann siad anseo is ansiúd mar a bheadh reiptílí ar aghaidh na seanleabharlainne, fad a n-éiríonn deatach dubh ina choirníní go mall ón gcarn leabhar atá ag dó sa tine chnámh ghlantach naofa i lár na cearnóige suas thar bhallaí Dhún an Bhunreachta i dtreo na spéire lán néalta, agus a bhfógraíonn trumpadóireacht seacht naingeal eiteach teacht Lá an Bhrátha, nuair a thabharfar breith an an uile dhuine.

Stánann an slua i gCearnóg an Bhunreachta ar an radharc a mheabhródh saothar Dante duit, iad ag an am céanna scanraithe, fiosrach agus faoi dhraíocht. Ólann siad is bromann siad, tóirsí lasta ina lámha, iad ag glacadh féiníní lena bhfóin

phóca os comhair na leabhar trí thine agus á n-uaslódáil ar a rogha suíomh meán sóisialta.

Nuair a imíonn íomhánna beoite an phictiúir as radharc síos i nduibheagán na spotsoilse ar deireadh, tagann ceann feadhna ghrúpa na sár-chefanna chun tosaigh, é siúd a bhí ceaptha mar Ard-Chef (a dtugtar ‘an tUilechumhachtach’ air freisin), a réalta órga *Michelin* ar a bhóna agus a shais lonrach *Masterchef* thar a ghualainn, agus seasann ag bord fada fleá clúdaithe le scaraid bhán bhoird. Leagann sé lámh ansin ar mhacasamhail den Sean-Reacht² agus tugann móid shollúnta:

² Tagairt is ea ‘an Sean-Reacht’ do chairt na gceart agus na bpríhléidí ársa a rialaigh Tír na mBascach tráth. Cheap Sabino agus Luis Arana, bunaitheoirí Pháirtí Náisiúnta na mBascach, an mana *Jaun Goikoa eta Legezarra* (Dia agus an Sean-Reacht) nuair a bhí an bhunsraith á leagan amach acu do náisiúnachas na mBascach.

Go humhal, i láthair Dé,
Anseo, ar ithir Bhascach,
I gcuimhne ar ár sinsir,
Faoi chrann Guernica,
Os comhair ionadaithe mo mhuintire,
Móidím go ndéanfad mo dhualgas go dílis.³

I ndiaidh dó an mhóid a thabhairt, ordaíonn an tUilechumhachtach don slua cruinnithe sa chearnóg ‘seasamh agus ómós a thabhairt don Sean-Reacht’. A luaithe a dhéanann siad amhlaidh, fógraíonn an ceannaire carasmatach:

‘In ainm na comhaireachtála faoi shíocháin, fógraím Cúirt na Ceannairce bunaithe’. Fad is a scairteann an slua: ‘Dia go deo le Cúirt na Fola! An Chef Iarainn abú!’, ordaíonn an tArd-Chef go dtabharfaí an cúisí suas ar an ardán agus bogann sé féin go lár an bhoird fhada fleá. Socraíonn na chefanna eile iad féin ar gach aon taobh de.

Quantus tremor est futurus,

³ Seo é an mionn a thugann Uachtaráin Bhascacha go traidisiúnta le linn a searmanais insealbhaithe.

*quando iudex est venturus,
cuncta stricte discussurus!*

Sméideann rúnaí na cúirte agus siúd aralt, casúr Theach Tionóil Gernika ina ghlac, ag séideadh a thrumpa, agus ritheann buíon gardaí anuas ó na forbhallaí chun an geata tiubh a stopann an bealach isteach sa dún, ar Cearnóg an Bhunreachta é, a ardú go mall. Tarraingíonn triúr nó ceathrar marcach carnabhail caighean mór ar rothaí anonn go dtí an t-ardán. Brúnn agus sánn an slua anonn le radharc níos fearr a fháil.

*Tuba mirum spargens sonum
per sepulcra regionum,
coget omnes ante thronum.*

Ardaíonn na marcaigh an caighean isteach ar an ardán le roinnt ulóg agus tugtar amach an cúisí. Abhach atá ann.

Tá sórt caipín Frigiach le cloigín ar a bharr agus éide ghlédhathach ghiofógach á gcaitheamh aige mar a bheadh

abhlóir ann. Tá mantóg ina bhéal. Brúnn na marcaigh i dtreo lár an ardáin é, áit a gcaitheann an slua na múrtha maslaí leis.

A mhuic, a mhuic,
a mhuic mhór ghroí,
a mhuic, a mhuic,
a mhuic bhréan giofóige.

Titeann an cúisí ar a ghlúine agus tosaíonn ag guí, a dhá shúil ar an mbalcóin fad a ndéanann sé amhlaidh. Cloistear díoscán ó na téada a cheanglaíonn a lámha is a chosa, agus clingireacht ón gcloigín ar a chaipín.

A dhiabhal de chef,
atá thuas ar bhalcóin
Chearnóg an Bhunreachta,
mo mhallacht ar d'ainm gráiniúil.

Spréachta, croitheann an slua a gcuid tóirsí lasta le teann feirge, agus briseann isteach ar ghuí an chúisí le scairteanna 'Loisc an t-abhlóir!' agus 'Caith ar an tine chnámh é!'

*Mors stupebit et Natura,
cum resurget creatura,
iudicanti responsura.*

Tugann na marcaigh charnabhail an cúisí anonn chuig armlann atá suite i gcúinne den ardán, agus tarraingíonn siad é i dtreo roinnt seanleabhar dlí atá ina luí i measc crosbhoghanna, saighead, sleánna, mothar, piléar agus muinisean eile ansin.

Tugann siad air dul ar a ghlúine os comhair na leabhar mór smúrach agus, ceann ar cheann, tugann siad air póg a thabhairt do na Screaptra Naofa, do Bhunreachtanna na Fraince agus na Spáinne, do Choimre Sheandlíthe Navarre, do Reacht Guernica, do Reacht Féinrialach Navarre, agus do na téacsanna fáidhiúla eile go léir.

*Liber scriptus proferetur,
in quo totum continetur,
unde Mundus iudicetur.*

Suíonn an tArd-Chef i gcathaoir an uachtaráin, baill eile na cúirte socraithe ar an dá thaobh de, agus osclaíonn sé an fhleá agus an triail go hoifigiúil.

*Iudex ergo cum sedebit,
quidquid latet apparebit,
nihil inultum remanebit.*

Tá an t-abhach ina bhambairne gan a fhios aige céard ba chóir dó a dhéanamh lena fhuascailt ón gcruachás ina bhfuil sé, de réir dealraimh, agus é ina shuí ar ballchrith i gcathaoir an chúisí faoi dhianstánadh an tslua eascairdiúil. Go tobann, tosaíonn ruaille buaille millteanach i measc an lucht féachana atá ina seasamh timpeall an ardáin. Cloistear scairteanna, mallachtaí agus faíreach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

Tosaíonn an slua spréachta ag fáisceadh isteach ar an abhlóir. Éiríonn leis na dosaenacha acu preabadh aníos ar an ardán agus déanann siad iarracht é a ghleadhradh. Ar bhealach éigin, éiríonn leis na marcaigh na hionsaitheoirí dealraitheacha a chur díobh agus iad a bhrú síos arís.

Tá an slua le cuthach feirge, iad ag scairteadh go bhfuiltear ag baint an bhoinn dá gcearta i gcoitinne, agus go háirithe an ceart a cumhdaíodh sa dlí in aghaidh oirfideach a d'achtaigh Feardorcha II in 1221, a thugann cead dóibh abhlóirí a mhaslú, a bhualadh agus go fiú a mharú.

Quid sum miser tunc dicturus?

Quem patronum rogaturus,

cum vix iustus sit securus?

Meabhraíonn an tArd-Chef go stuama don slua go bhfuil an fhleá agus an triail ar siúl cheana féin, agus buaileann sé a chloigín le tost a éileamh. Stopann baill an Chumann Chórúil dá gcantaireacht ach leanann na gnáthdhaoine de bheith ag uallfartach is ag búireach, ag priosláil mar mhadraí ocracha. Stánann siad suas ar ardán agus ar bhalcóin, áit a suíonn an gasra chefanna craosacha os comhair béile ghalánta, ag baint sult as gach aon ghablach caithiseach le haoibhneas sóúil.

Ag féachaint dó le suaimhneas a chur i réim arís, ordaíonn an tArd-Chef dá shearbhóntaí an fuílleach ón bhfleá a chaitheamh anuas ar an gcearnóg thíos. Brúnn agus sánn an slua mar chonairt stiúgtha agus iad ag streachailt le breith ar chuid éigin den chnáfairt nó de na crústaí aráin a thosaigh á radadh anuas. A luaithe atá siad socraithe síos le cnámha fuíll a chreimeadh, sméideann an tArd-Chef ar lucht an ionchúisimh, a thosaíonn ag glaoch ar a gcuid finnétithe.

Tagann seinnteoirí *dulzaina*⁴ agus meascán de charachtair níos lú a bhaineann leis an bhféile chun tosaigh ar thrí neach ollmhóra agus cloigne papier maché orthu, iad ag damhsa a mbealaigh suas ar an ardán chun fianaise a thabhairt: Ferdinand an Caitliceach, Eoin III Navarre agus Cairíona Navarre. Deimhníonn siad triúr go gcaithfidh go raibh an cúisí taobh thiar dá mbás, é sin nó ní bheidís tar éis bás a fháil chomh luath sin i ndiaidh a chéile ‘díreach i ndiaidh comhcheangail Navarre leis an gCaistíl’ a mhíníonn Ferdinand an Caitliceach, ‘díreach i ndiaidh don Chaistíl Navarre a chloí’ a shoiléiríonn Eoin III agus Cairíona Navarre.

Agus fad is a chuireann siad i láthair na doiciméid agus na buntiomnaí a fhíoraíonn dáta a mbáis (cuid bharrthábhachtach dá bhfianaise):

23 Eanáir 1516, 17 Meitheamh 1516 agus 12 Feabhra 1517, deir an triúr monarcaí chomh maith go ndéanadh an cúisí i gcónaí fonóid faoin staireagrafaíocht agus nár ghlac sé riamh páirt in aon ócáid oifigiúil nó eile a ceapadh le hócáidí stairiúla a chomóradh. Mar shampla, níor ghlac sé páirt sa cheiliúradh

⁴ Feaguirilis dhúbailte i bhfine na n-óbónna

500 bliain a d'eagraigh Rialtas Navarre chun comhcheangal Navarre leis an gCaistíl a chomóradh, ná sna himeachtaí bliantúla taobh leis an monailit a tógadh ar láthair Chaisleán Amaiur, i gcuimhne orthu siúd go léir a cailleadh agus iad á chosaint. Míníonn siad freisin an chaoi ar fhéach sé le tabhairt ar dhaoine amhras a chaitheamh ar dhlísteacht na monarcachta agus dearmad a dhéanamh ar na cuimhní, na himeachtaí stairiúla agus an stair féin atá bunaithe thart ar a n-ainmneacha agus a ngníomhartha. Agus leis seo go léir a chruthú, cuireann siad ina leith nár léirigh sé meas ar an stair (máthair agus foinse gach fírinne) agus cáineann siad é as a rá 'Níl sa stair ach modh acu siúd atá i gcumhacht a gcuid coireanna a cheilt; níl ann ach an insint a chruthaigh siad siúd a bhfuil forlámhas acu ar an bhfocal scríofa'.

Agus murar leor an méid sin, cuireann siad ina leith chomh maith gur cham sé tuairimí an smaointeora agus canónaí mór le rá ón 16ú haois, Martin Azpilkueta, ag maíomh nach gceaptar ríochtaí do ríthe, ach gur ríthe a cheaptar do ríochtaí. Nó i bhfocail eile, ní leis an rí an ríocht, ach lena pobal, agus de réir dhlíthe an nádúir, gurb í cumhacht an rí cumhacht na

ndaoine i ndáiríre seachas cumhacht an rí, agus go dtugtar do gach duine an chumhacht a theastaíonn chun sochaí a chumhdach, a rialú agus a stiúradh, dlíthe a dhéanamh agus breithiúnas a thabhairt, is é sin, go mbronntar go díreach ar gach duine daonna í sa chaoi gur féidir leo na gnóthaí go léir a bhaineann leis an nádúr a rialú go nádúrtha, agus maireachtáil go sonasach agus le dínit de réir bhreith an nádúir.

Agus le clabhsúr a chur ar a gcuid fianaise, insíonn siad don chúirt gur shaobh an cúisí tuairimí *Dochtúir Navarrus* go claon le maíomh nach ann do ríthe ná náisiúin cheannasacha, ach saoránaigh agus daoine aonair amháin – glanmhalairt an mhéid a mhol *Dochtúir Navarrus!*

Ar chríochnú a bhfianaise don triúr neach, tosaíonn na carachtair bheaga carnabhail ag canadh, agus tosaíonn iolar mór dubh ag fáinneáil lastuas agus ag grágaíl na bhfocal le ‘Beidh Navarre mar iontas mór an domhain’:

Le náisiún a bheith saor,

Ní mór na daoine a bheith saor!

Cuireadh gach aon saor le chéile

Ar son náisiúin shaoir!

Seolann na marcaigh na fathaigh amach ón ardán, agus na carachtair bheaga mhórshiúlacha chun tosaigh, agus siúd ansin suas ar an ardán chun a fhianaise a thabhairt agus tormáil fhada drumaí á thionlacan, Tomás de Torquemada, Ard-Chúistiúnaí agus crá croí na n-asarlaithe, solas na Spáinne, slánaitheoir a phobail agus ball sáronórach dá ord.

Ina fhochair tá a chomhchúistiúnaí, Pierre de l'Ancre. Mar thús, dearbhaíonn Torquemada nach gcruthaítear an Chúistiúnacht ná nach scriostar í, ach is amhlaidh a athraítear ó chló amháin go cló eile í. Lena neamhchlaontacht a chruthú, admhaíonn sé glan amach gurbh iad na Monarcaí Caitliceacha ceannann céanna a bhfuil míchliú chomh mór sin tarraingthe ag an gcúisí orthu a cheap é féin ina Ard-Chúistiúnaí. Leanann sé air ansin agus deireann, anuas ar a shéanadh go bhfuil an Domhan i gceartlár na cruinne agus a mhaíomh gur amhlaidh a

imrothlaíonn sé timpeall na Gréine, gur fhéach an t-abhlóir chomh maith, arís agus arís eile (ach in aisce), le séanadh na fírinne do bhréagnaithe nach dtéann an ghrian riamh faoi san impireacht ghlórmhar a thóg na Monarcaí Caitliceacha.

Fad is a thagann uspóga scannalaithe agus monabhar ón slua, cuireann an tArd-Chúistiúnaí i leith an chúisí nach amháin gur abhlóir é ach Giúdach chomh maith agus, leis sin a chruthú, tarraingíonn sé amach an Forógra lonnarbtha a d'ordaigh go ndíbreofaí na Giúdaigh go léir ón ríocht, agus ainm an chúisí tugtha i gceann dá fhoscríbhinní.

Agus lena phointe a chur abhaile, deir Torquemada ansin nach bhfuil amhras dá laghad air i dtaobh bhunús Giúdach an chúisí. Tá a fhios aige céard faoi atá sé ag caint mar, i measc rudaí eile, bhí sinsir Ghiúdacha aige féin agus mura Giúdach é an cúisí, cén fáth a mbeadh a oiread sin leabhar le húdair Ghiúdacha i bhfolach aige?

Agus an slua scanraithe ag scairteadh 'Dóigh na leabhair Ghiúdacha!', cromann Pierre de l'Ancre ar labhairt. Deimhníonn sé an cúiseamh a rinne Torquemada agus, lena chruthú, tarraingíonn sé chuige giota páipéir a bhí in ainm a bheith

sachta isteach i bpóca an chúisí, ar a bhfuil cóip lámhscríofa de na focail ar fad ón *Jüdiferraren kanta* (nó Amhrán an Ghiúdaigh Fáin). Tagann dubhiontas ar an slua nuair a léann Pierre de l'Ancre sliocht as an amhrán.

An bhfuil aon duine ar an domhan seo
incomparáide leis an nGiúdach Fáin?
Creidim nach bhfuil duine in aon áit
atá níos dearóile,
aon duine atá i bhfoisceacht dá dhúchinniúint ...

Ní túisce a chloiseann an slua an tagairt seo don Ghiúdach
Fáin ná a mhéadaíonn ar an monabhar.

Ainmníodh mé i náisiún Iosrael,
Rugadh mé i gcathair clúiteach Iarúsailéim,
Sásaítear do spiorad dá réir sin.
A Thiarna, is mé go deimhin an Giúdach Fáin.

Faoin am a bhfuil a aithris críochnaithe ag Pierre de l'Ancre, tá
an monabhar séidte ina bhúir oibrithe. Is féidir gártha agus
maslaí a chloisteáil arís eile.

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

Tapaíonn Pierre de l'Ancre an deis a thuilleadh gearán a chur lena liosta, agus cuireann sé i leith an abhlóra nach amháin gur Giúdach Fáin é ach asarlaí chomh maith. Mar chruthúnas air sin, tarraingíonn sé aird ar an teanga aisteach dhothuigthe a labhraíonn sé ar a dtugtar Bascais agus, ar aon dul le Torquemada, maíonn sé go bhfuil a fhios aige céard faoi atá sé ag caint toisc, mar aon le bheith eolach ar dheamhain, dhogma agus eiricigh, admhaíonn sé freisin gur labhair sé Bascais de neamhaistear uaireanta i bpríobháid a thí féin ó tharla go mba as Navarre Íochtarach ó dhúchas dá sheanathair, Bernand Errostegi, sular bhog sé go Bordeaux nuair a ghlac sé sloinne Francach, l'Ancre, chuige féin mar nach bhféadfadh aon Chríostaí maith a sheancheann Bascach a fhuaimniú.

An chéad rud eile, cuireann an tóraí asarlaithe i leith an abhlóra gur suaiteoir é, a rá gur dháil sé cóipeanna d'aistriúchán

Bascaise ar Thiomna Nua Íosa Críost Ár dTiarna leis an sagart bréige Joanes Leizarraga, a choimisiúnaigh Jeanne d'Albret, ceannaire Chomhcheilg Chailvíneach Béarn, agus gur scaip sé iad i measc Críostaithe maithe chun nimh a chur ina gcroí. Cuireann sé ina leith freisin gur fear gan ghéillsine é, don Spáinn ná don Fhrainc, agus go mbíonn sé ag guairdeall go fánach idir an dá thír gan aon áit sheasta chónaithe aige, amhail is nach ann go bunúsach do theorainneacha náisiúnta, gan aon phas nó cárta aitheantais a thaispeáint riamh do na gardaí rialaithe teorann. Agus gan ach aon chuspóir amháin leis seo ar fad: cumann fornáisiúnta asarlaithe a bhunú arb fheidhm dó saoránaigh Eorpacha a ghríosú le héirí amach in aghaidh a náisiún agus a stát.

Casann sé leis go n-eagraíonn sé cruinnithe drúisiúla ainrianta faoi choim i bPluaiseanna Sara agus Zugarramurdi, áit a n-ólann peacaigh ceirtlis (an phosóid chontúirteach sin a dhéantar as úlla, toradh mallaithe parthais) chun speabhraídí agus físeanna ar dhomhan nua deamhanta a spreagadh, fad a ndiúlann siad ar shlata a chéile agus a líonn siad brillíní a chéile, iad ag scairteadh os ard ar feadh an ama mallachtaí dothuigthe ar náisiúin agus stáit a d'fhoghlaim siad óna gcomhchomhchealgairí ó thíortha riascacha doicheadhacha déircínteacha díchreidmheacha agus faoi bhruth asarlaithe na hEorpa Thuaidh.

Ach fágann Pierre de l'Ancre a chúiseamh is tromchúisí go deireadh a chuid fianaise. Ní hamháin gur chuidigh an cúisí le tionchar chumann na n-asarlaithe a scaipeadh ar fud na dtailte faoi riail ríthe agus banríonacha Eorpacha, ach tá sé i ndiaidh cur isteach ar obair shollúnta na Cúistiúnachta.

D'inis sé do bhall de chabhlach iascaigh trosc San Juan de Luz gur struipeáladh agus gur sádh a bhean, a mháthair agus a chuid iníonacha, agus chuir sé ina luí ar an bpleota bocht ar an gcaoi sin cuidiú leis tionlacan asarlaithe, a daoradh chun a loiscithe ag an stáca, a ionsaí agus a shaoradh agus, dá bharr sin, cosc a chur ar an gCúistiúnacht dul ar aghaidh lena cuid triaileacha asarlaithe.

Spreagann caint an chúistiúnaí rabharta eile béiceanna agus maslaí, agus cloistear screadanna 'Asarlaí! Asarlaí!' agus 'Loisc é! Loisc é!' ó gach cearn den chearnóg.

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

Buaileann an tArd-Chef a chloigín arís le tost a éileamh, agus sracfhéachaint amhrasach á caitheamh aige ar an gclog.

Tá cúpla uair an chloig imithe ó thosaigh an triail agus tá a sáith ite faoi dheireadh ag na chefanna craosacha. Tá siad ag

míogarnach ina suíocháin, iad sáithithe codlatach. Chun an slua a shocrú síos agus deis a thabhairt dá chompánaigh teacht chucu féin ó iarsmaí a gcuid alpaireachta, fógraíonn an tArd-Chef go mbeidh sos uair an chloig ann.

Ach tá an lucht féachana oibrithe, agus meabhraíonn siad go neamhbhalbh don Ard-Chef go bhfuil an ceart acu gach uile abhlóir a mhaslú, a bhualadh agus fiú a mharú. Óna dtaobh féin de, meabhraíonn lucht an ionchúisimh dó go bhfuil tuilleadh finnétithe fós ag fanacht le fianaise a thabhairt.

Tuigeann an tArd-Chef go bhfuil baol ann go bhféadfadh cúrsaí dul ó smacht agus, le teacht roimh éirí amach, fógraíonn sé deochanna agus scroideanna saor in aisce do chách ar feadh an Mhíle Órga *Pintxos* (Tapas) i Sean-Cheantar na cathrach. Ní túisce an geata ardaithe ná amach leis an slua ina shruthanna as Cearnóg an Bhunreachta agus isteach leo sna beáir éagsúla sa Sean-Cheantar, iad lán d'ollghairdeas agus iad ag gairm shláinte an Ard-Chef gan stad.

II

Nuair atá an sos thart, féachann an tArd-Chef le teacht roimh aon mhoill eile agus le cúrsaí a bhogadh ar aghaidh, agus

ordaíonn sé do lucht an ionchúisimh na príomhchúisimh a thabhairt in aghaidh an chúisí.

Mar ómós d'ordú an Uilechumhachtaigh, ordaíonn lucht an ionchúisimh go dtabharfaí roinnt léarscáileanna aníos ar an ardán. I dtosach báire, tugann roinnt marcach – sais bhán, dhearg agus uaine á caitheamh ag gach duine acu –

oll-léarscáil de Thír na mBascach suas ar an ardán. Díríonn urlabhraí lucht an ionchúisimh ar an léarscáil agus é ag baint úsáid as rialóir mórán mar an gcéanna leis na cinn a úsáideann múinteoirí nuair a bhíonn rudaí á míniú acu ar an gclár dubh. Cuireann seisean i leith an abhlóra nár ghlac sé riamh leis go bhfuil Tír na mBascach os cionn míle bliain d'aois ná nár ghlac sé riamh le méid iomlán a críche, ag tabhairt ina fhianaise sin ráiteas an chúisí 'ní hann do Thír na mBascach, níl ach Tíortha na mBascach ann'.

Agus deireann sé ansin nár ghlac an cúisí riamh le coincheap an náisiúin Bhascaigh nó an náisiúin stairiúil, ach é i bhfách leis an iltaobhachas in ionad an aontaobhachais nó an déthaobhachais. An argóint a dhéanann sé ná nach bhfuil sa

bhealach go ceannasacht náisiúnta iomlán nó páirteach ach iarsma seanchaite ó ré atá thart le fada an lá. Le linn don slua a bheith ag béicíl ‘Saor-Thír na mBascach Abú!’, meabhraíonn lucht an ionchúisimh don chúirt, in ionad a bheatha a thabhairt ar son a thíre, comhrac in aghaidh a cuid naimhde, nó rud éigin fóna a dhéanamh ar son náisiún na mBascach, gurbh fhearr leis an gcúisí a laethanta a dhíomailt go díomhaoin cladhartha, é ag gáire agus ag magadh le gach uile dhailtín, i mbun imirteas mailíseach focal agus véarsaí seanbhlasta a scriobláil ar ghiotaí páipéir, ag súimíneacht apsainte agus ag ligean air gur duine mór cultúir agus litríochta é, bíodh is go maíonn sé nach ionann litríocht Bhascach agus litríocht Bhascaise amháin, ach litríocht ar bith a scríobhtar in aon cheann de theangacha oifigiúla Thír na mBascach.

Anuas air seo go léir, casann urlabhraí an ionchúisimh leis an gcúisí gur dhiúltaigh sé scéal Chath Mhám Roncevaux a chreidiúint, nár chuir sé bratach Thír na mBascach ar foluain óna bhalcóin Lá Náisiúnta na mBascach, gur inis sé do pháistí scoile nach ndearna Gartxot an ceart Mikelot a mharú, agus go ndearna sé magadh faoin sagart as Soule Bernard Goienetxe,

ar a dtugtar ‘Matalaz’, á rá nach fiú aon náisiún go mbeifí ag fáil bháis nó ag marú ar a shon agus nach bhfuil aon bhealach ann le haithint cé hiad na ‘fíor-Bhascaigh’ ar aon chaoi.

Ach tá an gearán is tromchúisí fós le teacht. Cuireann urlabhraí an ionchúisimh i leith an abhlóra nach mian leis aon Tír na mBascach aontaithe a bhunú, go bhfuil sé in aghaidh náisiún a thógáil agus i gcoinne reacht na mBascach, agus go mbíonn sé ag áiteamh gur chóir dúinn na stáit atá againn cheana a threascairt in ionad stát nua a thógáil. Leanann an t-urlabhraí air, á rá gur shéan an t-abhlóir, arís agus arís eile, agus os comhair lear mór finnétithe, gur sárchumhacht mhothúchánach í Tír na mBascach, agus gur fealltóir ainrianta dá náisiún é agus comhoibrí leis an namhaid.

Ar chloisteáil na ngearán uafásach seo dóibh, téann an slua le báiní agus caitear an liú ‘Cladhair gach abhlóir!’ anonn is anall trasna na cearnóige.

Baineann an callán millteanach macallaí as ballaí arda an dúin ar Cearnóg an Bhunreachta é, fad a leanann lucht an ionchúisimh dá gcás tréasa a bhrú ar aghaidh. Is léir gur

admhaigh an cúisí féin gur fheall sé ar a thír, agus go ndúirt sé arís agus arís eile, gan fuacht gan faitíos, gur chóir go dtiocfadh dlúthpháirtíocht lena chomhdhuine roimh chomhthíreachas náisiúnta, é ag maíomh go bhfuil níos mó i gcoiteann aige le, mar shampla, Bavárach atá ar son na hEorpa ná le comh-Bhascach frith-Eorpach.

Tá amhras caite aige, chomh maith, ar an gceist cé *muide* go díreach, agus é ag áiteamh, is fada buí ó bheith inár náisiún fréamhaithe inár n-áit bhreithe, inár dteanga nó ár gcultúr, nó a bheith inár ngramaisc daoine a bhfuil de chumhacht againn cinntí éagóracha agus treallacha a dhéanamh (ar nós pionós an bháis a bhunú), i ndáiríre is *muide* saoránaigh atá aontaithe maidir leis na dlíthe dlisteanacha a bhunaigh muid féin, agus a dhéanann cinntí de réir na ndlíthe dlisteanacha sin.

Ar chloisteáil an mhéid seo dóibh, cuireann an slua na liúnna 'Gascon!'⁵, 'maketo!'⁶ agus 'cosmopolidiot!' leis an gcallán ginearálta, chomh maith le gártha móra de 'Muide óige nua na mBascach; tá Tír na mBascach, ár náisiún, doroinnte!'

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

⁵ Téarma tarcaisneach ar dhuine nach bhfuil in ann Bascais a labhairt.

⁶ Téarma tarcaisneach ar imircigh ó réigiúin eile sa Spáinn go dtí réigiún na mBascach.

Nuair a mhaolaíonn ar an gclampar faoi dheireadh, tagann roinnt saighdiúirí faoi éide Arm Fhlóndras, agus pící fada, muscaeid is arcabais ar iompar acu, agus tugann siad ollléarscáil den Eoraip leo suas ar an ardán. Díríonn urlabhraí an ionchúisimh uirthi lena rialóir agus cuireann sé i leith an abhlóra gur thaobhaigh sé leis na ceannaircigh Dhúitseacha a shínigh Gealltanas Brede, inar éilíodh go gcuirfeadh Pilib II, Rí na Spáinne, rialóir an náisiúin ba chumhachtaí ar fad san Eoraip ag an am, deireadh leis an gCúistiúnacht agus go gcuirfeadh sé saoirse reiligiúin chun cinn. Ina theannta sin, deir sé gur shéan an cúisí go mion agus go minic prionsabail na ceannasachta náisiúnta agus na haontachta críche a bunaíodh i gComhaontú Westphalia, agus gur mhol sé ina ionad sin Poblacht Eorpach saoránach for-náisiúnstáit.

Díríonn an slua glamanna agus maslaí fraochta ar an abhlóir i rabharta tírghrá dhaibhir agus, lena linn seo, tagann roinnt marcach faoi shaiseanna dearga agus buí, nó gorma, bána agus dearga, agus iompraíonn siad léarscáil den Spáinn agus léarscáil den Fhrainc suas ar an ardán.

Agus é ag díriú arís ar na léarscáileanna, cuireann urlabhraí an ionchúisimh i leith an abhlóra go mbíodh sé ag gabháil go síoraí den dá náisiúinstát seo a léiriú go tarcaisneach, in ainneoin a gcáileanna glórmhara gan cháim san am a caitheadh. Agus leis sin a chruthú, baineann sé liosta fada as a phóca agus cromann ar choireanna uafásacha an chúisí a ríomh, ceann ar cheann:

Shéan sé gur finscéalta náisiúnta fírinneacha iad cathanna Covadonga agus Santiago agus an *Reconquista* Glórmhar, agus gurb í cinniúint na Spáinne a bheith aontaithe agus doroinnte. Rinne sé fonóid fúthu siúd a deir gur uilíoch don Fhrainc de bhrí go síneann sí thar na cúig ilchríoch go léir, agus rinne sé magadh ar scéalta Clovis, Poitiers agus Charles Martel. Mhaígh sé nach náisiúin aontaithe aonta iad an dá náisiún seo. Tá an Fhraincis agus an Spáinnis araon curtha ar bhealach a ndísce aige trí éagsúlacht teangacha a éileamh agus é ag maíomh go bhfuil mionteangacha i mbaol a ndíothaithe.

Mhaslaigh sé siombailí náisiúnta na Spáinne agus na Fraince, agus dúirt, i bhfad ó Mheiriceá a thabhairt chun sibhialtacha, gurb amhlaidh gurbh é an t-aon rud a rinne an Spáinn ná é a threascairt. Dhiúltaigh sé a bheith páirteach sa ghníomh míleata i leith mionn dílseachta do bhratach na Spáinne a ghlacadh ar 12 Deireadh Fómhair i mbeairic Intxaurreondo i San Sebastián, ar bhonn an mhasla de leithscéal agus a leathbhéal faoi gur céasadh na dosaenacha saoránach Bascach ann. Dhiúltaigh sé freisin bratach na Fraince a phógadh sa mhórshiúl míleata a eagraítear i bPáras ar 14 Iúil chun forghabháil ghlórmhar an Bastille a chomóradh in ómós dóibh siúd go léir ar bhrúigh *Grandeur* na Fraince faoi chois iad.

Le linn d'urlabhraí an ionchúisimh a bheith ag streachailt lena anáil a fháil leis tar éis dó an liosta a léamh amach, siúd na gártha arda 'Viva España, Viva el Rey, Viva el Orden y la Ley!' agus 'Allons enfants de la Patrie, Le jour de gloire est arrivé!' ag gleadhradh timpeall na cearnóige.

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

Agus é i mbun achoimre a dhéanamh ar liosta na gcúiseamh, cuireann an t-urlabhraí go sollúnta i leith an abhlóra gur fhéach sé le héirí amach in aghaidh dhlíthe na Fraince agus na Spáinne a spreagadh trí na sluaite ceannairceacha a ghríosú agus a leas siúd a chur roimh leas na Stát.

‘Agus ar na cúisimh go léir a rinneadh anseo,’ ar seisean agus é ag streachailt le dul ar aghaidh go gcloisfí an phianbhreith ar aontaigh lucht an ionchúisimh ar fad uirthi, in aghaidh na mbúireanna bodhraitheacha ‘Sceimhlitheoir! Sceimhlitheoir!’, ‘agus i bhfianaise an mhéid gurbh é cuspóir sonraithe an chúisí scrios agus treascairt náisiúnstát a thabhairt i gcrích, é ag tabhairt coireanna in aghaidh na daonnachta orthu agus ag maíomh go milleann siad pobail nádúrtha agus go scriosann siad a dteangacha agus a gcultúir trí theorainneacha a bhunú le lámh láidir. Agus, níos tromchúisí fós, ó tharla gur fheall sé ar a thír, trí fhéachaint le hainmneacha agus gníomhartha a naimhde a aisghabháil ó mharbhuisce na staire áit ar díbríodh iad go héaguimhne, á rá gurb éard a mheánn i ndáiríre ná caighdeán maireachtála agus saor-rogha daoine agus, dá bhrí sin, gurb iad na daoine, seachas tíortha, na fíorcheannasaigh. Éilíonn muidne, an t-ionchúiseamh, d’aon ghuth go ndaorfar an cúisí chun báis as a easumhlaíocht cheannairceach chórasach mheáite!’.

Fiafraíonn an tArd-Chef den chúisí an nglacann sé leis na cúisimh agus an admhaíonn sé go bhfuil sé ciontach. Tosaíonn an slua agus lucht an ionchúisimh araon ag búireadh agóide, iad ag argóint nach gcuimhníonn rialacha nós imeachta na Cúistiúnachta ar thoimhde na neamhchiontachta agus nach ndeonaítear, dá réir sin, cead cainte don chúisí. Ach éilíonn an tUilechumhachtach tost, agus deir sé, de réir nós imeachta na Cúistiúnachta, gurb amhlaidh a cheadaítear don chúisí labhairt chun críche, agus chun na críche sin amháin, a chiontacht féin a admháil.

Baineann na marcaigh charnabhail an mhantóg as béal an abhlóra, rud a chuireann an cloigín ar bharr a chaipín ag clingeadh. A luaithe a scaoiltear dá shrian é, casann an t-abhlóir i dtosach le haraoid a chur ar an Uilechumhachtach: 'Ave Caesar, morituri te salutant'. Ansin iompaíonn sé ar an slua cruinnithe i gCearnóg an Bhunreachta.

‘Sibhse, na gnáthdhaoine; sibhse atá traochta ag mórchuid tiarála; tagaigí, sibhse atá ciontach, in bhur bhfealltóirí agus sceilpíní gabhair, tagaigí chugamsa agus éistigí leis an méid atá le rá agam sula loiscfear i m’aibhleog mé i dtinte Ifrinn.’

Titeann tost marfach mar a bheadh pluid ann ar an slua. Le linn do na haghaidheanna stánadh suas air le teann dúspéise, tosaíonn an t-abhlóir ag labhairt agus caitear a chuid focal anonn agus anall trasna na cearnóige, ag preabadh dá ceithre bhalla arda agus ag baint macallaí astu.

‘A shaoránaigh ionúine, idir náisiúnaithe, thírghráthóirí agus sheobhainigh, níl in bhur dtíortha ach saochan céille; níl in ár náisiúin ach speabhraídí. Nach bhfuil ár mórdhóthain fulaingthe againn faoi seo de bharr ár mbréagnáisiún? Ar mhaithe linn féin, nárbh fhearrde muid gabháil tharstu faoi dheireadh is faoi dheoidh? Cá fhad a chaithfidh muid leanúint de bheith ag comhrac a chéile? Cá fhad a chaithfidh muid leanúint de bheith brúite faoi roth na fadfhulaingthe? Cá fhad a chaithfidh muid leanúint de bheith sínte ar an raca?’

Mar thoradh ar ár náisiúin, ach mar thoradh ar ár n-aineolas féin den chuid is mó, tá marcanna dearga na fulaingthe mar a bheadh tatúnna ar ár gcolainn agus ar n-anam, glúin i ndiaidh glúine. Dá mbeimis á iarraidh, áfach, d'fhéadfaimis maireachtáil go sona sásta inár bpobail nádúrtha, dul ar aghaidh lenár gcuid oibre agus gníomhaíochtaí laethúla, agus ár gcaidreamh agus ár gconspóidí a shocrú. I mbeagán focal, d'fhéadfaimis ár saol a fhódú agus a roinnt le chéile agus ar an gcaoi sin, beagán ar bheagán, d'fhéadfaimis nasc polaitiúil agus féiniúlacht chomhchoiteann a chruthú, gan aon ghá le náisiúnstáit, nach bhfuil iontu i ndeireadh an lae ach léiriú ar phobal samhailta cumtha, i.e. náisiún. Cén uair a osclóidh muid ár súile agus a fheicfidh muid go dtéann *raison d'être* ceart stáit in aghaidh é siúd de chuid na daonnachta, in aghaidh na féinrialach agus na saoirse, agus gur *raison d'être* ollsmachtach é i ríochtaí an domhain seo agus i ngach aon ríocht atá fós le teacht?

Mura bhfágann muid faltanais, fearg agus bómántacht inár ndiaidh, mura scuabann muid an t-aineolas de dhroim an domhain, mura ndéanann muid é seo, ní bhainfidh muid riamh amach an dóchas atá caillte againn.

Spréachta le fearg, tosaíonn an slua ag caitheamh buidéal folamh beorach le cloigeann an abhlóra, iad ag screadaíl i gcineál de histéire chomhchoiteann 'Deireadh leis an abhlóir!'

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

Ansin thuig an tArd-Chef agus a chuideachta go raibh cúrsaí ar thob dul ó smacht agus bhuaíl inní iad go mb'fhéidir go mbuailfeadh ceann de na buidéil iad de thimpiste. Mar sin, imíonn siad ón mbalcóin go dtí an seomra príobháideach, a bhí ullamh dóibh ag club Gaztelubide, le tús a chur lena mbreithniú.

Fad a ndéanann siad amhlaidh, agus leis an slua a cheansú, tagann buíon gárthóirí molta amach, iad gléasta i ndathanna bhratacha na Fraince agus na Spáinne, agus déanann siad rince. Nuair atá an rince thart, tugtar raca isteach sa chearnóg agus leagtar é ar urlár eiticiúil⁷ na gclár adhmaid chun tabhairt ar an abhlóir, trína chéasadh, a chiontacht a admháil os comhair daoine uaisle an náisiúin.

Sula dtosaíonn siad, áfach, socraíonn roinnt teicneoirí scáileán ardaifigh ollmhór díreach taobh thiar den ardán, chun cur ar chumas an tslua súp a bhaint as gach uile mhionsonra de phian ghéar an abhlóra.

Faigheann an lucht féachana taispeántas fuilteach dobhualite de réir mar a chéastar an t-abhlóir gan trócaire, ar an raca i dtosach agus níos deireanaí ar roth ciorclach na staire. Ceann ar cheann, scriostar a ghéaga, a chnámha agus a ailt, go dtí go dtugann a pháis speabhraídí air.

⁷ Seo tagairt do chomhaontú a rinneadh i bparlaimint na mBascach maidir le tacar bunúsach prionsabal eiticiúil ar a gcothófaí comhaireachtáil faoi shíocháin i dTír na mBascach.

Nuair a iarrann duine de na marcaigh charnabhail air a admháil go bhfuil sé ciontach, deir sé go bhfuil sé ag iarraidh gearán a dhéanamh i dtosach faoi na húdaráis as leas mídhleathach a bhaint as céasadh. Mar sin, glaonn siad isteach fóiréinseolaí na Cúistiúnachta agus, i ndiaidh dó siúd colainn bhriste an abhlóra a scrúdú go cúramach, fógraíonn sé nach bhfuil aon fhianaise de chéasadh ann. Déanann sé amach, dá bhrí sin, nach bhfuil sa ghearán ach cúis bhréige, agus chuaigh sé i bhfad scéil ag cur thairis le míniú nach bhfuil ann ach cor cleasaíochta a bhíonn go minic in úsáid ag bithiúnaigh mar dhris chosáin roimh fheidhmiú an cheartais.

Deir saineolaí eile, síceolaí a tháinig in éineacht leis an bhfóiréinseolaí, go léiríonn an cúisí leagan trom de neamhord dépholach, speabhraídí agus siabhráin ghéarleanúna.

Tar éis dó gach údar amhrais a réiteach agus machnamh domhain a dhéanamh ar na hargóintí ar fad a cuireadh i láthair, tagann an tArd-Chef amach ar an mbalcóin arís, agus a chuideachta ina dhiaidh. Chun an nóiméad stairiúil seo a mharcáil, léann rúnaí Chúirt na Ceannairce as scrolla fada páir.

Haeretici frexentur templa

boni nihil fecerunt contra;

ergo debent omnes patibulari

Ar chríochnú a chuid léitheoireachta dó, pléascann an chearnóg ina racán béiceanna agus gártha, cách ag scairteadh ar an *Chef Iarainn* teacht i láthair. Mar fhreagairt ar thathant challánach an tslua, tugann an tArd-Bhreitheamh cúpla céim chun tosaigh agus, ag seasamh dó go teann in aghaidh na splancanna ceamara agus na micreadhóin, fógraíonn breithiúnas na cúirte de ghlór dáiríre i bhfeiliúint don ócáid:

‘Caithfimid agus déanaimid an cúisí a dhaoradh lena bhású trí loscadh i lasracha síoraí Ifrinn.’

Téann básadóir na mílte éadan in airde ar an ardán, agus leathann liúnna ‘Loisc an t-eiriceach!’ ar fud an bhail.

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

Socraíonn an básadóir stáca ard i lár an ardáin, le cabhair ó roinnt cúntóirí. Ansin, carnann siad lomáin bheaga agus broсна thart faoina bhun. Ceanglaíonn siad cosa an chúisí chun tosaigh air agus snaidhmeann siad a lámha le chéile taobh thiar dó. Breathnaíonn an básadóir suas ar an mbalcóin. Déanann an cúisí mar an gcéanna, agus é ar crith le fuarallas an scaoil. Buailleann drumadóirí Gaztelubide tormáil fhada drumáí. Cromann baill Chumann Córúil San Sebastían ar chanadh an athuair.

*Rex tremendæ maiestatis,
qui salvandos salvas gratis,
salva me, fons pietatis.*

Sméideann an tArd-Chef, agus lasann an básadóir an tine chnámh. Agus creilleanna a bháis féin á mbualadh, tosaíonn an t-abhlóir ag canadh:

Éist, a Beaumont,

Fainic, a Agaramont,

Níl croí ar bith sa bhfearnóg,

Ná cloch ar bith sa ngruth.

Níor shamhlaigh mé

Éitheach le huaisle.

III

Agus é ag éisteacht le rachtanna agus scothbhach gáire an tslua, cuimhníonn an t-abhlóir go mbeidh níos mó ná cuidiú ó bhandia an tsonais de dhíth air lena chosa a thabhairt leis as an tsáinn seo. De réir mar a shnámhann boladh na feola loiscthe suas agus isteach ina pholláirí, tuigeann sé go bhfuil a chosa trí thine. Ansin, agus íomhánna scáfara de chloigne pollta, colainneacha buailte agus géaga brúite ag rith trína cheann agus a cholainn á loscadh ina aibhleog go mall sna lasracha, cloiseann sé glór. Ar dtús, scaoileann sé thairis é mar speabhraíd, ach ansin, trí bhrat tiubh an deataigh atá ag ag éirí ina ribeoga os comhair a dhá shúl, ceapann sé go bhfeiceann sé scáil mná. Is gearr go dtuigeann sé nach bandia an tsonais atá chuige. Tá gúna dorcha agus spéaclaí á gcaitheamh ag an mbean, agus tá toitín ina béal aici. ‘Mar a fheiceas tú,’ ar seisean agus é ag breathnú trína scaoll ar an bpúir dheataigh ag brúchtadh aníos ina thimpeall, ‘Tá mé cineál teannta anseo.’

‘Go deimhin, díreach ar nós iad siúd go léir a tóraíodh agus a daoradh chun báis sa chearnóg seo os do chomhair.

Dealraíonn sé go bhfuil muid teannta go buan ar roth damanta lfrinn.

Tá éilimh ‘gan trócaire ar bith’ agus ‘dian ar choireacht’ tagtha timpeall arís. Tá triaileacha míchothroma agus breithiúna leatromacha tagtha timpeall arís. Tá péindlíthe agus geiteonna lán díbeartach, eachtrannach agus iad siúd a bhfuil de dhánaíocht iontu smaoineamh as an nua tagtha timpeall athuair. Macasamhail a gcinniúintí siúd do chinniúint féin. Tá siad ag iarraidh an chuimhne *seo acu féin* a loscadh is a mhilleadh mar aon leis an gcolainn *seo agatsa*; ach ná bí buartha, tá mise tagtha le cuidiú leat.’

‘Cuidiú liomsa?’ Leathann béal an abhlóra le hiontas.

‘Go deimhin. Tá mé tagtha le cuidiú leatsa, leo siúd go léir a maraíodh romhatsa agus leo siúd ar fad a marófar i do dhiaidh mura ndéanann muid rud éigin le teacht roimh bhuanteannadh faoi roth damanta na staire a réabann chugainn as an am a caitheadh, agus a fhéachann leis an gceart ár dtodhchaí féin a chinneadh a shéanadh orainn,’ arsa an scáil mná de ghlór fiata. ‘Sin an fáth ar thug mé mo bheatha do staidéar a dhéanamh ar an idé-eolaíocht ollsmachtach a d’fhág ár saol ina chual luathrigh. An idé-eolaíocht féin agus a cuid foinsí. Teastaíonn uaim a thuiscint, is gá dom a thuiscint, céard a tharla anseo. Do dhála féin, rinneadh carcrú agus géarleanúint ormsa, agus ceileadh mo chearta orm.’

‘Cé tú féin?’ a fhiafraíonn an t-abhlóir le teann iontais. ‘An daonna duit?’

‘Ní hea a thuilleadh, faraor. Ach ba bhean mé tráth. Ceithre bliana déag a chaith mé mar dhuine gan stát. Anois is iad na scáthanna ár náisiún, agus ansin, inár nóiméid is mó laige, cruinníonn muid neart ó bharróg dhorcha na hoíche.’

Fad atá scáil na mná ag labhairt, déanann an t-abhlóir iarracht a thuiscint céard atá ag tarlú dó. Smaoiníonn sé an athuir go mb'fhéidir nach bhfuil ann ach speabhraíd, ach tugann an phian ina chosa air an bharúil seo a chaitheamh amach. Faoin am seo níl ina chosa ach stumpaí dúloiscthe, agus tagann taom scaoill air nuair a ritheann sé leis gur gearr go mbeidh an chuid eile dá cholainn slogtha ag na lasracha amplacha.

Déanann an scáil iarracht é a shuaimhniú.

'Baineann córais ollsmachtacha leas as scanradh i gcónaí chun tromú ar dhaoine agus iad a smachtú.

Na géillsinigh idéalacha dá gcuid ná iad siúd a bhfuil pairilis orthu le heagla, chomh haonraithe agus aonarach sin nach féidir leo an fhírinne a aithint ó bhréaga; agus is é féinriar an namhaid is measa acu. Sin an fáth a ngabhann contúirt chomh mór sin le bheith ag machnamh. Ach gabhann priacal níos mó fós le gan a bheith ag machnamh. Glac misneach mar sin, ná bíodh eagla ort, ná géill sna nóiméid seo ina bhfuil an faitíos ag creimeadh d'anam féin. Beidh mise mar chompánach agat ar an mbóthar fada casta chun na saoirse.'

‘Is furasta a bheith ag caint ar mhisneach nuair nach tú féin atá á loscadh ag an stáca,’ a smaoiníonn an t-abhlóir, uafás air agus é ag breathú síos ar a cheathrúna á ndúloscadh.

‘Ná bí buartha,’ arsa scáil na mná go suaimhnitheach, ‘gach uair a fhaigheann duine bás, saolaítear duine eile, agus cruthaítear saol úrnua, saol saor ó dhlíthe an nádúir agus na staire, agus, dá réir sin, saor ó chrúcaí an sceimhle. Is é an lánsceimhle cloch choirnéil na gcóras ollsmachtach go léir, an acmhainn a mbaineann fórsaí an nádúir agus na staire leas aisti chun cosc a chur ar shaolú daoine nó chun iad siúd atá ar an saol a dhíothú. Mar ó thaobh an ollsmachtachais de, níl i mbreith agus bás daoine ach iarrachtaí bearránacha chun rothaí an nádúir agus na staire a stopadh. Sin an fáth a scriosann an sceimhle éagsúlacht daoine agus a gcuireann sé ionannas i bhfeidhm, ag féachaint le daoine a chruthú gan indibhidiúlacht gan cumas machnaimh dóibh féin. Cnap díchéillí intinní gan mheabhair. Tréad caorach ceansa. Macasamhail iad siúd a sheasann os do chomhair anois.

Is é an sceimhle an fórsa a ghearrann an pionós báis a chuireann an nádúr ar dhaoine “mar nach bhfuil siad inniúil

chun na beatha” agus a ghearrann an stair orthu “mar gur aicmí iad atá ag dul i léig”.’

Cé go gcuirtear iallach uirthi briseadh óna caint ar feadh meandair de bharr an challáin mhillteanaigh sa chearnóg, coinníonn an scáil uirthi, neamhaird á tabhairt aici ar na maslaí agus na béiceanna atá á ndíriú ag an ngramaisc ar an abhlóir.

‘I saol dothuigthe síorathraitheach, tagann daoine scaití chuig pointe nuair a chreideann siad gach rud agus ag an am céanna nach gcreideann siad rud ar bith. Agus, de bharr na patuaire a ghineann sé seo, ní bhíonn na sluaite in ann glacadh le haon chumann ná páirtí polaitíochta ná ceardchumann a oibríonn ar son leas an phobail. Tá daoine mar seo i ngach aon tír: daoine ar chuma leo sa tsioc faoi chúrsaí polaitíochta, nach raibh riamh ina mbaill de pháirtí polaitíochta ar bith, nach mbacann fiú le vóta a chaitheamh ach go fíorannamh. Agus is iadsan an tromlach sa chuid is mó d’áiteanna. Ar an gcaoi sin, cionpháirtí is ea an phatuaire i do bhás.

Déanann siad magadh fút amhail gur amadán tú ach, déanta na fírinne, is amadáin na staire iad féin. Bhuaile an stair bob orthu.’ Fuaimníonn an scáil na focail dheireanacha seo de ghlór

ard, í ag stánadh amach go dúshlánach ar an slua fraochta a thosaíonn ag glamaireacht agus ag uallach ar an bpointe.

‘An bhfuil an Giúdach lofa sin i ndiaidh amadáin agus dúramáin a thabhairt orainn? Sinne tírghráthóirí!’

‘Ní fúmsa atá sé breithiúnas a thabhairt oraibh. Níl ionam ach scáil. Ach inseoidh mé daoibh céard a cheapaim gan fiacail a chur ann. Ní tírghráthóirí sibh. Is lucht oilc sibh gonta le baois agus móráil an oilc. Is lútálaithe sibh a bhraitheann go bhfuil sé de dhualgas oraibh plámás agus lútáil a dhéanamh le bhur dtír le bhur mbeo seachas fíorghrá a thabhairt di agus í a mholadh go haer.

Seachnaíonn sibh smaointeoireacht sa chaoi nach gcaithfidh sibh aghaidh a thabhairt ar na contrárthachtaí ionaibh féin. Sin an fáth nach ngoineann bhur gcoinsias sibh, fiú nuair a deir sibh nó a dhéanann sibh uafáis.’

‘B’fhéidir nach bhfuil ionat ach scáil, ach cloisfidh tú ár mbreithiúnas ina dhiaidh sin féin. Níl ach focal amháin ann le cur síos ar naimhde an náisiúin: fealltóirí. B’fhéidir gur éirigh leatsa éalú ó Gurs, Hannah Arendt, ach ní éalóidh an t-abhlóir

gráiniúil sin taobh leat ón mBás. Bás do gach abhlóir agus
Giúdach! Bás do gach fealltóir!

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Cearnóg an Bhunreachta.

‘An tusa Hannah Arendt? Chuala mé trácht ort,’ a deir an
tabhlóir leis an scáil, fad a stealltar buidéal bheorach fholmha
anuas ar a gcloigeann.

‘Mar a dúirt mé leat cheana, tá mise anseo leis an mbealach a
thaispeáint duit. Tá mé anseo le thú a theagasc,’ arsa scáil
Arendt. ‘Tá a fhios agam céard a tharla duit.

Nuair a chailleann lucht na cumhachta nó institiúidí a
úsáideann an lámh láidir a ndlisteanacht, cailleann siad a
gcumas iompar laethúil a ngéillsineach a rialú agus a stiúradh.
Sin mar a tharla leatsa. Ní raibh siad in ann d’iompar ná do
mhodh smaointeoireachta a smachtú. Ní raibh siad in ann tú a
thabhairt chun céille. Agus céard a dhéanann institiúidí le

gníomhú in aghaidh na cailliúna cumhachta seo? Téann siad i mbun an fhoréigin. Ach in ionad a bheith ina léiriú cumhachta, admháil teipe is ea an foréigean. Agus sa chás seo, ghríosaigh siad siúd atá i réim na daoine atá cruinnithe sa chearnóg seo le foréigean a úsáid ar a son, trí dhul i gcion orthu agus tabhairt orthu creidiúint i saochan céille an náisiúin aonair aontaithe. Chomh fada agus atá coincheap na náisiúinstát fréamhaithe inár n-aighe, ciallóidh náisiúntacht faoi leith stát i gcónaí agus ciallóidh stát náisiúntacht faoi leith i gcónaí. Agus chomh fada is atá sin amhlaidh, beidh mionlaigh agus díbeartaigh ann i gcónaí – naimhde nach luíonn le haon cheann de bhunchoincheapa bunaidh an náisiúinstáit.

Ní bheidh raon iomlán ceart acu, beidh siad ina gcoimhthígh, ina ndíbeartaigh, daortha – mar atá tusa – chun báis.’

Tuigeann an t-abhlóir go bhfuil an ceart ag Arendt. Is é an cuspóir sochaí ileitneach a bhfuil éagsúlacht chultúrtha inti a chruthú in ionad daoine eile a imeascadh sa chultúr ‘seo againne’ nó a iarraidh orthu luí isteach leis na nósanna ‘seo againne’; i mbeagán focal, pobal a chruthú atá os cionn choincheap an náisiúin. Arna mheanmnú ag focail Arendt,

smaoiníonn an tabhlóir: ‘Ní féidir linn a bheith istigh linn féin ach trí ghlacadh le daoine eile agus a aithint gur cuid dínne iad chomh maith. Ar an gcaoi sin amháin a mbainfimid amach fíor-ionchuimsiú agus comhaireachtáil faoi shíocháin, anseo agus sa domhan mórthimpeall araon. Sin an fáth, ar an mbealach chuig an gcuspóir seo, arb í an chéad chéim bharrthábhachtach Eoraip nua a chruthú bunaithe ar an éagsúlacht.’

Tá sé fós go domhain ina chuid smaointe, gan aird ar bith aige ar na lasracha atá ag leadhbadh a cholainne, ach tá an tine ag dul i méid agus i dtreis, agus faoin taca seo tá a chabhail go léir á slogadh.

Tá an slua ag éirí níos suaite agus níos oibrithe, scáileanna na lasracha laomtha le feiceáil ina súile fiata agus iad ag screadaíl ‘Bás! Bás don abhlóir deamhanta!’

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.

Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.

Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna

Atá ag teacht ó Chearnóg an Bhunreachta.

Agus é ag lúbarnaíl lena chéasadh, smaoiníonn an t-abhlóir go mbeadh cúrsaí i bhfad níb fhearr dá mba rud é gur speabhraíd nó tromluí é seo i ndáiríre. Ach ansin feiceann sé an básadóir ag séideadh na lasracha le hollphéire bolg, agus tuigeann sé nach amhlaidh atá. Gabhann bréine na feola loiscthe an chearnóg.

Tosaíonn an t-abhlóir ag éagaoín agus ag screadaíl, é ina chaor thine lasrach agus leath-thachta ag an deatach. Tá sé ar an dé deiridh. Gan de chara aige ach taibhse Arendt, a fhanann lena thaobh.

‘Ná bíodh faitíos ort. A fhad is atá muid fós in ann cur agus cúiteamh a dhéanamh linn féin agus le daoine eile, níl muid cailte, ná scoite ón réaltacht. Tá mise anseo, taobh leat, ullamh le cuidiú leat. Mar is inár gcaidreamh le daoine eile amháin a bhféadann muid a bheith inár ndaoine aonair, lenár dtréithe éagsúla go léir, gan cumas chun saoirse agus cruthaitheachta a chailliúint.’

Bíodh is go mbraitheann an t-abhlóir an Bás ag teannadh leis, cuireann focail Arendt lóchrann ar a chroí agus, pé beagán nirt atá fanta ann á chruinniú aige, saorann sé a lámha ó na téada atá á cheangal leis an stáca agus, díreach sula dtarraingíonn sé an sciúg dheireanach, díríonn sé a fhocail deiridh ar an slua cruinnithe i gCearnóg an Bhunreachta: ‘Mar a dúirt saoi dall uair amháin, blianta fada ó shin, tharla sé seo cheana agus tarlóidh sé arís.

Ní hé gur maith liom a bheith i m’abhlóir, ach ba lú ba mhaith liom a bheith in bhur mbrógasa. De bharr go ndearna sibh breithiúnas ormsa inniu, tá bhur gcosa féin nite, bhur ndaordháil gairthe.’

Agus leis sin, tosaíonn sé ag canadh:

A dheartháireacha is a dheifiúracha,

Ná bígí ag ceapadh

Go bhfuil mise sona thuas anseo.

B’fhearr liom i bhfad a bheith

thíos ansin libhse, ag breathnú in airde.

Mura bhfuil sibh sásta

Ní ormsa an locht,
Déanann sibh faíreach fúm
Ach fós tá grá agam daoibh.

De réir mar a imíonn focail deiridh an abhlóra i ndísc, briseann ruaille buaille millteanach amach sa Chearnóg.

Tá Cearnóg an Bhunreachta tosaithe ag búireach.
Tá Cearnóg an Bhunreachta ag búireach.
Níl deireadh, is cosúil, le rabharta na mbúireanna
Atá ag teacht ó Chearnóg an Bhunreachta.